Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

2025/2166(INI)

10.11.2025

TUAIRIM

ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha

maidir le cearta an duine agus an daonlathas ar domhan agus beartas an Aontais Eorpaigh i leith an ábhair – tuarascáil bhliantúil 2025
(2025/2166(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Lina Gálvez

PA_NonLeg

LEASUITHE

Cuireann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne in iúl don Choiste um Ghnóthaí Eachtracha, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas:

Leasú 1

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 4

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
– ag féachaint d'Airteagal 17 agus d'Airteagal 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,	– ag féachaint ***d'Airteagal 8, d'Airteagal 10,*** d'Airteagal 17 agus d'Airteagal 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

Leasú 2

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 5 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe a glacadh an 25 Meán Fómhair 2015 agus, go háirithe, do spriocanna 1, 3, 4, 5, 8, 10 agus 16 de,

Leasú 3

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 5 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint dá rún an 9 Iúil 2025 maidir le cur chun feidhme agus baint amach na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe i bhfianaise Fhóram Polaitiúil Ardleibhéil 2025[1a],
	Téacsanna arna nglacadh,

P10_TA(2025)0159.

Leasú 4

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 5 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint don tuarascáil ó na Náisiúin Aontaithe: 'Women's Rights in Review 30 Years After Beijing',

Leasú 5

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 5 d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint dá rún an 11 Aibreán 2024 maidir leis an gceart chun ginmhillte a áireamh i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais[1a],
	[1a] C/2025/1279, 13.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/1279/oj.

Leasú 6

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 5 e (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint don tuarascáil ó na Náisiúin Aontaithe dar teideal 'Progress on the Sustainable Development Goals: The Gender Snapshot 2025',

Leasú 7

Tairiscint i gcomhair rúin

Lua 5 f (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UN CRPD),

Leasú 8

Tairiscint i gcomhair rúin
Lua 5 g (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	– ag féachaint do straitéis an Aontais maidir le cearta daoine faoi mhíchumas,

Leasú 9

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris A a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Aa. de bhrí gur bunluach é an comhionannas inscne ar a bhfuil an tAontas fothaithe; de bhrí go gcumhdaítear le hAirteagal 8 CFAE an gealltanas comhionannas inscne a chur chun cinn agus neamhionannais a dhíothú ina ghníomhaíochtaí uile, lena mbunaítear, dá bhrí sin, prionsabal an phríomhshruthaithe inscne i réimsí beartais uile an Aontais Eorpaigh;

Leasú 10

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris C

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
C. de bhrí gurb iad na córais dhaonlathacha na córais is oiriúnaí chun a	C. de bhrí gurb iad na córais dhaonlathacha na córais is oiriúnaí chun a

ráthú go mbeidh gach duine in ann lántairbhe a bhaint as a gcearta daonna; de bhrí nach bhfuil ach 29 % de dhaonra an domhain ina gcónaí i ndaonlathais liobrálacha sa lá atá inniu ann, ar laghdú géar é i gcomparáid le 52 % in 2009; de bhrí go bhfuil teacht chun cinn an údarásaíochais, an mhíliobrálachais agus an phobalachais ag bagairt ar an ord domhanda riailbhunaithe, ar chosaint agus ar chur chun cinn chearta an duine sa domhan, agus na luachanna agus na prionsabail ar a bhfuil an tAontas fothaithe;	ráthú go mbeidh gach duine in ann lántairbhe a bhaint as a gcearta daonna; de bhrí nach bhfuil ach 29 % de dhaonra an domhain ina gcónaí i ndaonlathais liobrálacha sa lá atá inniu ann, ar laghdú géar é i gcomparáid le 52 % in 2009; de bhrí go bhfuil teacht chun cinn an údarásaíochais, an mhíliobrálachais agus an phobalachais, mar aon leis an bhfrithfhreagairt dhomhanda i gcoinne ***an chomhionannais inscne agus cearta bunúsacha, lena n-áirítear cearta na mBan agus reitric frith-LADTIA+,*** ag bagairt ar an ord domhanda riailbhunaithe, ar chosaint agus ar chur chun cinn chearta an duine sa domhan, agus na luachanna agus na prionsabail ar a bhfuil an tAontas fothaithe; ***de bhrí nach ráthaítear cearta na mban, na gcailíní agus bhaill an phobail LADTIA+ fós ar fud an domhain agus gur minic a bhíonn an easpa deiseanna do mhná níos déine i dtíortha ina bhfuil caighdeáin dhaonlathacha níos ísle, staid a bhaineann an bonn de na daonlathais sin, go háirithe nuair a dhéantar idirdhealú ar mhná ó thaobh rannpháirtíocht pholaitiúil, eacnamaíoch agus shóisialta de; á aithint, thairis sin, go bhféadfadh na héagothromaíochtaí inmheánacha sin a bheith níos measa ag brath ar shuíomh geografach, ós rud é go mbíonn tosca amhail iontaoibh dhlíthiúil, cultúr, agus rochtain ar acmhainní agus oideachas éagsúil ó réigiún go réigiún;***

Leasú 11

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris C c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Cc. de bhrí go ndéanann tionchair an athraithe aeráide difear díréireach do mhná agus do chailíní, go háirithe iad siúd i gceantair thuaithe; de bhrí go n-áirítear ar na tionchair sin nochtadh méadaithe d'fhoréigean inscnebhunaithe,

	níos mó deacrachtaí maidir le cúraimí laethúla a chur i gcrích agus rochtain laghdaithe ar oideachas;

Leasú 12

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris F

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
F. de bhrí gur comhpháirtithe ríthábhachtacha iad cosantóirí chearta an duine (CCDanna) agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna) in iarrachtaí an Aontais cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta a choimirciú agus a chur chun cinn; de bhrí, a mhéid a bhaineann le hobair CCDanna agus ESSanna, go bhfuil níos mó cinsireachta á déanamh ag rialtais ar fud an domhain orthu, go bhfuil siad á gcur ina dtost agus á gciapadh;	F. de bhrí gur comhpháirtithe ríthábhachtacha iad cosantóirí chearta an duine (CCDanna) agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna) in iarrachtaí an Aontais cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta a choimirciú agus a chur chun cinn; de bhrí, a mhéid a bhaineann le hobair CCDanna agus ESSanna, go bhfuil níos mó cinsireachta á déanamh ag rialtais ar fud an domhain orthu, go bhfuil siad á gcur ina dtost agus á gciapadh; ***de bhrí go mbíonn ar chosantóirí baineanna i réimse chearta an duine (WHRD), agus orthu siúd atá ag obair ar chearta na mban, ar chomhionannas inscne, ar Shláinte agus Cearta Gnéis agus Atáirgthe (SRHR) agus ar chearta LADTIA+, aghaidh a thabhairt ar laghdú spáis dá n-obair chriticiúil, mar aon le bagairtí inscne-shonracha, lena n-áirítear foréigean inscnebhunaithe, foréigean gnéasach, feachtais chlúmhillte agus cineálacha eile bréagaisnéise spriocdhírithe agus leibhéil dhíréireacha ciaptha, lena n-áirítear ciapadh ar líne, agus, dá bhrí sin, go bhfuil gá le bearta cosanta sonracha agus leormhaithe;***

Leasú 13

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris F a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*

	Fa. de bhrí go gcosnaítear sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe (SRHR) mar chearta an duine sa dlí idirnáisiúnta agus sa dlí Eorpach um chearta an duine, amhail an Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla agus an Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha, an Coinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú (CEDAW) agus an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, agus gur gné bhunriachtanach iad de sholáthar cuimsitheach cúraim sláinte; de bhrí gur cearta bunúsacha de chuid na mban iad cearta sláinte, go háirithe Sláinte agus Cearta Gnéis agus Atáirgthe, ar cheart iad a fheabhsú agus nach féidir iad a mhaolú ná a tharraingt siar ar bhealach ar bith; de bhrí gur gné bhunriachtanach de dhínit an duine é feidhmiú SRHR agus go bhfuil dlúthbhaint aige le foréigean inscnebhunaithe a chomhrac agus le raon leathan de chearta eile an duine a bhaint amach amhail ceart duine chun na beatha, sláinte, príobháideachas, slándáil an duine, neamh-idirdhealú, comhionannas os comhair an dlí agus saoirse ó chéastóireacht agus ó íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach;

Leasú 14

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris F b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Fb. de bhrí go ndearbhaítear le Coinbhinsiún Iostanbúl, ar ghlac an tAontas Eorpach páirt ann le déanaí, in ainneoin nár dhaingnigh ach roinnt Ballstát é, go mbíonn mar thoradh ar choinbhleachtaí armtha sáruithe leantacha ar chearta an duine a dhéanann difear do phobail shibhialta, go háirithe mná, a bhíonn faoi réir éigniú

	agus foréigean gnéasach mar arm cogaidh agus a fhulaingíonn géarú ar fhoréigean inscnebhunaithe le linn coinbhleachtaí agus ina ndiaidh, agus go bhfágtar marthanóirí gan rochtain ar thacaíocht leighis agus shíceolaíoch leormhaith; de bhrí go sainmhínítear foréigean i gcoinne na mban sa Choinbhinsiún thuasluaite mar shárú ar chearta an duine;

Leasú 15

Tairiscint i gcomhair rúin
Aithris F c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Fc. de bhrí go bhfuil ról ríthábhachtach ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas agus ar a dteaghlaigh maidir le cearta an duine a chur chun cinn agus sochaithe daonlathacha agus cuimsitheacha a fhorbairt; de bhrí go mbíonn ar dhaoine faoi mhíchumas, go háirithe mná agus cailíní, aghaidh a thabhairt ar idirdhealú trasnach i gcomhthéacs coinbhleachta, imirce agus gáinneála, agus de bhrí nach mór do ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais Eorpaigh a gcuimsiú iomlán agus a rochtain chomhionann a chosaint, i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas;

Leasú 16

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
1. ag athdhearbhú a seasaimh a cuireadh in iúl i dtuarascáil bhliantúil 2024 uaithi a glacadh an 2 Aibreán 2025 maidir	1. ag athdhearbhú a seasaimh a cuireadh in iúl i dtuarascáil bhliantúil 2024 uaithi a glacadh an 2 Aibreán 2025 maidir

le cearta an duine aonair agus saoirsí bunúsacha, bunaithe ar luachanna agus prionsabail an Aontais lena dtreoraítear gníomhaíocht an Aontais ar an leibhéal idirnáisiúnta faoi Airteagal 21 CAE; á athdhearbhú, go háirithe, a conclúidí maidir le cearta na mban, na leanaí, na n-imirceach agus na ndídeanaithe, na mionlach reiligiúnach agus eitneach, agus iad siúd uile a ndéanann sáruithe ar chearta an duine difear dóibh i gcónaí ar bhealaí iontacha mar gheall ar a gcine, a n-eitneacht, a reiligiún, a sainaicme, a n-inscne, ***a ngnéasacht,*** a míchumas nó a stádas socheacnamaíoch;	le cearta an duine aonair agus saoirsí bunúsacha, bunaithe ar luachanna agus prionsabail an Aontais lena dtreoraítear gníomhaíocht an Aontais ar an leibhéal idirnáisiúnta faoi Airteagal 21 CAE; á athdhearbhú, go háirithe, a conclúidí maidir le cearta na mban, na leanaí, na n-imirceach agus na ndídeanaithe, na mionlach reiligiúnach agus eitneach, agus iad siúd uile a ndéanann sáruithe ar chearta an duine difear dóibh i gcónaí ar bhealaí iontacha mar gheall ar ***leithcheal trasnach bunaithe ar*** a gcine, a n-eitneacht, a reiligiún, a sainaicme, a n-inscne, a míchumas, ***a bhféiniúlacht inscne, a ngnéaschlaonadh agus a dtréithe gnéis*** nó a stádas socheacnamaíoch; ***á chur i bhfios go láidir go bhfuil riachtanais shonracha ag cailíní agus ag leanaí eile faoi mhíchumas ar fud an domhain;***

Leasú 17

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	1a. á chur i bhfáth gur bunluach de chuid an Aontais é an comhionannas inscne agus go bhfuil sé ar cheann dá phrionsabail choiteanna agus bhunúsacha; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé cearta na mban agus comhionannas inscne a chur chun cinn ar fud an domhain, ar rudaí iad atá ríthábhachtach chun cearta an duine agus rathúnas sochaíoch a fheidhmiú;

Leasú 18

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*

	1b. á mheabhrú a thábhachtaí atá an obair a dhéanann gníomhaithe, go háirithe maidir le cearta bunúsacha a chosaint agus aghaidh a thabhairt ar insintí idirdhealaitheacha, lena n-áirítear reitric i gcoinne LADTIA+, chomh maith leis na daoine is mó a bhfuil a gcearta faoi ionsaí a chosaint, amhail mná agus daoine LADTIA+; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh rochtain acu ar shásraí éifeachtacha cosanta; á chur in iúl go bhfuil sí tiomanta do thacaíocht a thabhairt do chosantóirí chearta an duine, lena n-áirítear cosantóirí baineann i réimse chearta an duine, cosantóirí LADTIA+ agus cosantóirí Sláinte agus Ceart Gnéis agus Atáirgthe, a bhfuil a gcuid oibre faoi bhagairt ag laghdú ar spás na sochaí sibhialta;

Leasú 19

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 1 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	1c. ag cáineadh ionramháil agus ionstraimiú méadaithe chearta na mban, an fhoréigin inscnebhunaithe agus an chiorraithe ball giniúna ban, chun caint fhuath agus idirdhealaitheach a chur chun cinn, agus chun cláir oibre neamhliobrálacha a chur chun cinn;

Leasú 20

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 2

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
2. ***ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis mhór imní di, go bhfuil meath ag teacht ar an tírdhreach domhanda maidir le*** cearta an duine ***agus gur léir go bhfuil***	2. ***ag cáineadh na treochta méadaithí maidir le sáruithe ar chearta an duine agus an mhí-úsáid a bhaintear as*** cearta an duine ar fud an domhain***, go háirithe,***

treocht an chúlaithe dhaonlathaigh ar fud an domhain ***ag dul i méid***;	***na frithfhreagartha domhanda nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo i gcoinne chearta na mban agus na gcailíní agus an chomhionannais inscne, agus an mhéadaithe ar reitric homafóbach agus fhrith-thrasghnéasach, atá le feiceáil i gciorruithe ar chistiú, i nglacadh dlíthe agus beartas idirdhealaitheach agus in ionsuithe polaitiúla, ar nithe iad a bhfuil an baol ann go gcuirfidís na blianta fada de dhul chun cinn san Eoraip agus ar fud an domhain i mbaol***;

Leasú 21

Tairiscint i gcomhair rúin
Fo-cheannteideal 2 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	Cearta na mban agus daoine LADTIA+ agus comhionannas inscne

Leasú 22

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 2 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	2a. á thabhairt chun suntais idirspleáchas an chomhionannais inscne, an daonlathais, na gceart bunúsach agus an smachta reachta agus á chur i bhfáth nach féidir an smacht reachta a chosaint gan cearta na mban a chur chun cinn agus a chosaint san Aontas agus ar fud an domhain araon; sa chomhthéacs sin, á thabhairt dá haire go bhfuil méadú scanrúil tagtha ar ghluaiseachtaí frithinscneacha agus frithdhaonlathacha agus go bhfuil méadú ag teacht ar an gcúlú ar chomhionannas inscne; á athdhearbhú, thairis sin, gur beart coiteann iad ionsaithe ar chearta na mban, ar chosantóirí chearta na mban, ar ghníomhaithe agus ar iriseoirí a

	úsáideann gníomhaithe frithdhaonlathacha chun an bonn a bhaint a thuilleadh de chearta, de shaoirsí agus d'institiúidí daonlathacha i mBallstáit an Aontais agus ar fud an domhain araon;

Leasú 23

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 2 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	2b. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an méadú suntasach atá tagtha ar chistiú agus ar thionchar eagraíochtaí agus gluaiseachtaí frithdhaonlathacha atá ag iarraidh an dul chun cinn maidir le cearta na mban agus comhionannas inscne a chreimeadh ar fud na hEorpa idir 2019 agus 2023, arb é a bhí sa chistiú sin USD 1,18 billiún agus a raibh baint ag thart ar 275 eagraíocht leis; á thabhairt dá haire gur thuairiscigh rialtas amháin as gach ceithre rialtas ar fud an domhain gur ann d'fhrithfhreagairt i gcoinne chearta na mban, rud a léiríonn, dá bhrí sin, go bhfuil cearta na mban faoi ionsaí ar fud an domhain;

Leasú 24

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 2 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	2c. á thabhairt chun suntais gur cearta bunúsacha atá i Sláinte agus Cearta Gnéis agus Atáirgthe nach mór seasamh leo ar fud an domhain agus san Aontas; á chur i bhfáth gur cineál foréigin inscnebhunaithe é seirbhísí cuimsitheacha sláinte gnéis agus atáirgthe a dhiúltú, lena n-áirítear

rochtain ar ghinmhilleadh sábháilte agus dlíthiúil, agus gur sárú é ar chearta bunúsacha agus ar neamhspleáchas coirp daoine;

Leasú 25

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 2 d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	2d. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé dea-shampla a thabhairt agus á iarraidh an athuair go gcumhdófaí an ceart chun ginmhillte dhlíthiúil agus shábháilte i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh;

Leasú 26

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 2 e (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	2e. ag tathant ar an Aontas Eorpach tosaíocht a thabhairt do rochtain ar Shláinte agus Cearta Gnéis agus Atáirgthe a sholáthar mar chuid de chur chun cinn chearta an duine agus de bhaint amach spriocanna forbartha inbhuanaithe, laistigh agus lasmuigh den Aontas araon, lena n-áirítear oideachas gnéasachta cuimsitheach atá oiriúnach ó thaobh aoise de, agus atá bunaithe ar fhianaise, pleanáil teaghlaigh, frithghiniúint, cúram réamhbhreithe, cúram breithe clainne agus cúram iarbhreithe, seirbhísí torthúlachta, ginmhilleadh sábháilte agus dlíthiúil agus cóir leighis le haghaidh saincheisteanna a bhaineann le sláinte ghnéasach lena n-áirítear VEID a chosc agus a chóireáil; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an bhearna leanúnach sonraí idir na hinscní

sa taighde leighis;

Leasú 27

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 2 f (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	2f. á mheabhrú gur príomhphrionsabal é Sláinte agus Cearta Gnéis agus Atáirgthe a chur chun cinn faoi Phlean Gníomhaíochta III maidir le hInscne; á iarraidh go mbeadh rochtain uilíoch ar sheirbhísí Sláinte agus Cearta Gnéis agus Atáirgthe ann le linn coinbhleachta agus easáitiú, lena n-áirítear breith shábháilte, seirbhísí pleanála teaghlaigh, ginmhilleadh dlíthiúil agus sábháilte, agus bainistiú cliniciúil ar éigniú; á iarraidh go dtabharfaí tacaíocht do chosantóirí chearta an duine agus d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta a mholann agus a éascaíonn rochtain ar Shláinte agus Cearta Gnéis agus Atáirgthe, ar grúpaí iad a bhfuil a n-iarrachtaí faoi bhagairt níos mó agus níos mó ag spás na sochaí sibhialta atá ag laghdú, agus ag cáineadh na n-ionsaithe uile ina gcoinne;

Leasú 28

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 2 g (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	2g. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé oideachas ardcháilíochta a sholáthar do chailíní agus comhdheiseanna a áirithiú mar nithe atá fíor-riachtanach maidir le cumhachtú na mban agus lánfheidhmiú a ceart; á chur i bhfáth go mbíonn torthaí dearfacha ar infheistíocht in oideachas cailíní ar fud an domhain do shochaithe

	do na glúnta atá le teacht; á athdhearbhú go bhfuil gá le hoideachas cuimsitheach gnéasachta agus caidrimh atá oiriúnach ó thaobh aoise de agus atá bunaithe ar fhianaise agus, laistigh den Aontas agus níos faide i gcéin araon, deireadh a chur le steiréitíopaí inscne agus noirm shochaíocha dhíobhálacha a spreagann neamhionannais;

Leasú 29

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 2 h (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	2h. á chur in iúl gur cúis bhuartha di leitheadúlacht dhomhanda an fhoréigin inscnebhunaithe, lena n-áirítear foréigean coinbhleachtbhunaithe, ciorrú ball giniúna ban, pósadh leanaí agus pósadh éigeantais, feimeamharú (marú mná nó cailín mar gheall ar a hinscne), foréigean onóra, 'póilíneacht mhoráltachta', fuathchaint ar líne, agus gáinneáil ar mhná agus ar chailíní; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé foréigean inscnebhunaithe a aithint mar réimse coireachta faoi Airteagal 83(1) CFAE; á chur in iúl gur geal léi aontachas an Aontais Eorpaigh le Coinbhinsiún Iostanbúl agus ag tathant ar Bhallstáit eile an Aontais Eorpaigh an Coinbhinsiún a dhaingniú agus a fhorálacha a chur chun feidhme;

Leasú 30

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 2 i (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	2i. á athdhearbhú go bhfuil an t-éigniú fós ar cheann de na sáruithe is forleithne ar chearta an duine agus á

	mheabhrú gur gá éigniú, arna shainiú ar bhonn easpa toilithe, a choiriúlú faoi dhlí an Aontais Eorpaigh faoin mbunús dlí atá ann cheana; ag cáineadh go láidir úsáid an éignithe agus cineálacha eile foréigin ghnéasaigh mar arm cogaidh, a úsáidtear chun sceimhlitheoireacht a dhéanamh ar phobail shibhialtacha, chun an fhrithbheartaíocht a chur faoi chois agus chun pobail a scriosadh; á mheabhrú gur féidir gníomhartha den sórt sin a bheith ina gcoireanna cogaidh, ina gcoireanna in aghaidh an chine dhaonna, nó ina ngníomhartha a rannchuidíonn le cinedhíothú faoin dlí idirnáisiúnta;

Leasú 31

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 2 j (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	2j. ag tathant ar an Aontas Eorpach agus ar ghníomhaithe domhanda cleachtais amhail ciorrú ball giniúna ban, pósadh éigeantais agus pósadh faoi aois, foréigean 'onóra', agus maruithe a cháineadh; á iarraidh go ndéanfaí gníomhaíocht chinntitheach ar fud an Aontais agus ar fud an domhain chun gáinneáil ar mhná agus ar chailíní a chosc agus chun tacú le híospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh agus inscnebhunaithe, go háirithe i gcomhthéacs ionradh neamhdhleathach na Rúise ar an Úcráin; á iarraidh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún cumarsáid agus oiliúint trasteorann níos fearr a éascú chun a áirithiú go ndíreofar ar bhealach níos éifeachtúla ar gháinneálaithe ar dhaoine a úsáideann teorainneacha mar lúba ar lár chun dúshaothrú breise a dhéanamh ar chailíní agus ar mhná; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé dlús a chur leis an gcomhar breithiúnach agus póilíneachta le tríú tíortha agus le Europol, agus a

	thábhachtaí atá sé Treoir (AE) 2024/1712 maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint a chur chun feidhme go hiomlán;

Leasú 32

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 2 k (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	2k. ag cáineadh mí-úsáid reiligiúin, traidisiúin agus cultúir mar bhonn cirt le dlíthe, beartais agus cleachtais lena ndéantar daoine aonair nó grúpaí a chur faoi chois nó lena ndéantar idirdhealú ina gcoinne, lena n-áirítear ar bhonn inscne, gnéaschlaonta, reiligiúin, eitneachta nó stádais shóisialta; á chur i bhfáth go háirithe nár cheart noirm den sórt sin a úsáid riamh chun údar a thabhairt le sáruithe ar chearta na mban agus na gcailíní, lena n-áirítear rochtain ar oideachas, ar sheirbhísí sláinte gnéis agus atáirgthe, ar shaoirse gluaiseachta, ar rannpháirtíocht pholaitiúil, nó ar chosaint ar fhoréigean inscnebhunaithe a dhiúltú; ag iarraidh ar an Aontas Eorpach a áirithiú lena ghníomhaíocht sheachtrach, a chomhar um fhorbairt agus lena idirphlé maidir le cearta an duine, go ndéanfaí dúshlán gníomhach a thabhairt do chleachtais idirdhealaitheacha agus cearta uilíocha an duine a chur chun cinn, lena n-áirítear comhionannas inscne, neamhspleáchas coirp agus saoirse ón bhforéigean;

Leasú 33

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 3

Tairiscint i gcomhair rúin	*Téacs gan athrú atá mar chuid den chomhréiteach*
3. á chur i bhfáth go gcuireann cibirionsaithe, bréagaisnéis agus mífhaisnéis, a úsáidtear go minic mar uirlisí trasnaíochta eachtraí, lena n-áirítear le linn toghchán, leis an treocht sin maidir le meath daonlathach; á chur i bhfáth a ríthábhachtaí atá foinsí iontaofa, neamhspleácha agus éagsúla faisnéise agus iriseoireacht ardcháilíochta do shochaithe daonlathacha daingne agus do spás sibhialta rathúil; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di, dá bhrí sin, na dúshláin mhéadaitheacha agus ilghnéitheacha atá os comhair na meán neamhspleách, lena n-áirítear ionsaithe méadaitheacha i gcoinne iriseoirí agus an laghdú ar an gcistiú atá ar fáil;	3. á chur i bhfáth go gcuireann cibirionsaithe, bréagaisnéis agus mífhaisnéis, a úsáidtear go minic mar uirlisí trasnaíochta eachtraí, lena n-áirítear le linn toghchán, leis an treocht sin maidir le meath daonlathach; á chur i bhfáth a ríthábhachtaí atá foinsí iontaofa, neamhspleácha agus éagsúla faisnéise agus iriseoireacht ardcháilíochta do shochaithe daonlathacha daingne agus do spás sibhialta rathúil; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di, dá bhrí sin, na dúshláin mhéadaitheacha agus ilghnéitheacha atá os comhair na meán neamhspleách, lena n-áirítear ionsaithe méadaitheacha i gcoinne iriseoirí agus an laghdú ar an gcistiú atá ar fáil;

Leasú 34

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 4 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	4a. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé rannpháirtíocht na mban i gcórais dhaonlathacha a neartú chun dul i ngleic leis an neamhréireacht in ionadaíocht na mban sa chinnteoireacht; á iarraidh go ndéanfaí rannpháirtíocht níos fearr na mban sa pholaitíocht, sa ghnó agus sa tsochaí shibhialta a éascú trí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais;

Leasú 35

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 5 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*

	5a. á chur i bhfios go bhfuil daoine LADTIA+ an-leochaileach i gcomhthéacs cogaidh agus easáitithe éigeantaigh, agus go mbíonn orthu dul i ngleic le géarleanúint agus foréigean; ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) a áirithiú go n-áireofar i gcabhair sheachtrach an Aontais Eorpaigh bearta cosanta agus coimirce sna comhthéacsanna sin;

Leasú 36

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 5 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	5b. á chur i bhfáth, i gcomhthéacs coinbhleachta agus easáitithe éigeantaigh, go dtiteann an t-ualach cúraim go díréireach ar mhná agus ar chailíní, rud a chuireann teorainn lena rochtain ar oideachas, ar fhostaíocht agus ar rannpháirtíocht pholaitiúil; á iarraidh go n-áireofaí i gcabhair dhaonnúil an Aontais Eorpaigh bearta chun tacú le cúramóirí;

Leasú 37

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 6 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	6a. á thabhairt chun suntais, thairis sin, go bhfuil tionchar díréireach ag na teicneolaíochtaí sin ar mhná agus ar chailíní, lena n-áirítear trí fhoréigean inscnebhunaithe ar líne, cibearstalcaireacht, scaipeadh íomhánna pearsanta neamhthoiliúla arna nginiúint ag an Intleacht Shaorga (domhainbhrionnuithe), pornagrafaíocht díoltais agus idirdhealú algartamach,

	arna n-éascú go minic ag ardáin na meán sóisialta; á chur i bhfáth gur gá a áirithiú go ndéanfaidh gach creat digiteach agus gach creat a bhaineann leis an Intleacht Shaorga, lena n-áirítear rialuithe onnmhairiúcháin, coimircí atá íogair ó thaobh inscne de, sásraí cuntasachta, agus cosaintí a leabú dóibh siúd is mó atá i mbaol; á thabhairt chun suntais gur minic a dhéanann algartaim ar ardáin dhigiteacha laofacht inscne a atáirgeadh agus insintí a mhéadú lena dtreisítear noirm ghnéasacha agus róil thraidisiúnta inscne, lena gcuirtear srian ar rannpháirtíocht chomhionann na mban sa saol polaitiúil agus lena lagaítear caighdeáin dhaonlathacha agus caighdeáin maidir le cearta an duine; ag iarraidh ar an Aontas Eorpach a áirithiú go mbeidh imscaradh teicneolaíochtaí IS agus faireachais trédhearcach, comhréireach, faoi réir maoirseacht dhaonlathach agus go mbeidh measúnuithe tionchair ar chearta an duine agus ar inscne ag gabháil leo;

Leasú 38

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 6 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	6b. ag aithint bhagairt na teicneolaíochta domhainbhrionnaithe, lena ndírítear go díréireach ar mhná trí ionramháil íomhánna neamhthoiliúla chun críoch ciaptha agus mí-úsáide; á thabhairt chun suntais go ndéanann ábhar domhainbhrionnaithe dochar díréireach do mhná; ag tathant ar an Aontas Eorpach coimircí a chur chun feidhme chun domhainbhrionnuithe díobhálacha a bhrath agus a chosc agus chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí digiteacha inscne-shonracha i rialacháin maidir leis an Intleacht Shaorga;

Leasú 39

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 6 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	6c. ag tabhairt chun suntais thearcionadaíocht na mban i bhforbairt agus i gcur chun feidhme na hIntleachta Saorga, ar deis chaillte é don dul chun cinn teicneolaíoch; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá oideachas eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (ETIM) chun scileanna atá dírithe ar an todhchaí a thabhairt do mhná agus do chailíní, lena gcumasaítear rochtain ar fhostaíocht agus lena dtugtar dúshlán do steiréitíopaí inscne;

Leasú 40

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 6 d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	6d. ag cáineadh go láidir an idirdhealaithe agus na sáruithe ar chearta an duine in aghaidh na mban a bhfuil féiniúlachtaí trasnacha acu, lena n-áirítear iad siúd ar de mhionlaigh eitneacha iad amhail mná Romacha; á chur i bhfios go láidir go mbíonn sáruithe ar chearta i ngach réimse den saol mar thoradh ar idirdhealú ar aon fhoras, lena n-áirítear rochtain ar oideachas, ar chúram sláinte agus go háirithe ar chúram sláinte gnéis agus atáirgthe, ar obair agus ar rochtain ar cheartas;

Leasú 41

Tairiscint i gcomhair rúin

Mír 6 e (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	6e. ag cáineadh gach cineáil foréigin, idirdhealaithe, stiogmataithe, géarleanúna, coireanna fuatha, fuathchainte, teiripí tiontaithe, ciorraithe ball giniúna idirghnéasach agus foréigin ghnéasaigh i gcoinne daoine LADTIA+ laistigh den Aontas Eorpach agus ar fud an domhain; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an méadú atá ag teacht ar an bhfuath agus ar insintí agus reachtaíocht frith-LADTIA+ lena ndírítear ar dhaoine LADTIA+ agus ar chosantóirí chearta an duine agus lena gcuirtear srian ar fheidhmiú a gceart bunúsach agus a saoirsí bunúsacha, laistigh agus lasmuigh den Aontas araon, go háirithe an fhrithfhreagairt i roinnt Ballstát, amhail an Ungáir, i gcás ina mbaineann dlíthe frith-LADTIA+, amhail Acht LXXIX 2021, an bonn de chearta agus de shábháilteacht daoine LADTIA+; á iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit na héagóracha sin a cháineadh agus gealltanas a thabhairt chun cearta, dínit agus sábháilteacht daoine LGBTIQ+ a chosaint; ag cáineadh, ina leith sin, cleachtais tiontaithe lena ndírítear ar dhaoine LGBTIQ+ atá dírithe ar chlaonadh gnéasach, féiniúlacht inscne agus/nó léiriú inscne a n-íospartaigh a athrú, a chosc nó a shochtadh; á iarraidh go ndéanfaí beartas uile-Aontais a chur chun feidhme chun cleachtais den chineál sin a thoirmeasc go dlíthiúil; ag cur béim ar na hábhair imní atá ag dul i méid i bpobail LGBTIQ+ agus ag tathant ar AE seasamh daingean a ghlacadh i gcoinne aon ghníomhaíochtaí reachtacha nó sóisialta a chuireann daoine LGBTIQ+ i mbaol;

Leasú 42

Tairiscint i gcomhair rúin

Mír 7 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	7a. á chur i bhfáth, agus é ina ábhar imní ar leith di, go ndéanann ciorruithe a rinneadh le déanaí ar chabhair um fhorbairt, lena n-áirítear na céadta milliún dollar de chabhair ó Ghníomhaireacht na Stát Aontaithe um Fhorbairt Idirnáisiúnta (USAID) agus de thacaíocht ó Chiste na Náisiún Aontaithe ar mhaithe leis an bPobal in 2025 a chur ar fionraí, difear díréireach do mhná agus do chailíní trí rochtain ar Shláinte agus Cearta Gnéis agus Atáirgthe a laghdú, lena n-áirítear ginmhilleadh sábháilte agus dlíthiúil, cúram sláinte máthartha, frithghiniúint, agus seirbhísí cosanta do mharthanóirí foréigin ghnéasaigh, agus ar an gcaoi sin leochaileachtaí inscnebhunaithe a mhéadú i gcomhthéacsanna daonnúla; á chur i bhfáth go bhfuil tionchar nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo ag na ciorruithe sin ó thaobh shaol an duine de;

Leasú 43

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 7 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	7b. ag iarraidh, go háirithe, ar an Aontas dlús a chur leis an tacaíocht do chlársceidealú chearta na mban chun reo cistiúcháin USAID 2025 a chúiteamh, rud a chuireann seirbhísí criticiúla sláinte gnéis agus atáirgthe agus foréigin inscnebhunaithe i limistéir ghéarchéime i mbaol;

Leasú 44

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 7 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	7c. á chur i bhfáth gur colúin bhunriachtanacha den chóras iltaobhach um chearta an duine iad cearta na mban agus an comhionannas inscne a chosaint agus a chur chun cinn; ag iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit teanga agus gealltanais maidir le comhionannas inscne a chosaint go gníomhach le linn caibidlíochta leis na Náisiúin Aontaithe, cur i gcoinne iarrachtaí chun caighdeáin chomhaontaithe a laghdú nó a rolladh siar, agus cistiú leormhaith a áirithiú do ghníomhaireachtaí agus sásraí na Náisiún Aontaithe atá ag obair ar chearta na mban, lena n-áirítear Eintiteas na Náisiún Aontaithe um Chomhionannas Inscne agus um Chumhachtú na mBan agus an Coimisiún um Stádas na mBan;

Leasú 45

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 9

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
9. á thabhairt chun suntais gur bagairt eiseach ar an ord domhanda riailbhunaithe é an dímheas méadaitheach ar an dlí idirnáisiúnta agus polaitiú na ndíospóireachtaí maidir le hinstitiúidí ceartais idirnáisiúnta, amhail CBI agus an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an neamhaird agus an deighilt atá ag dul i méid maidir leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine; á chur in iúl gur saoth léi na bagairtí gan fasach atá os comhair na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta, go háirithe mar gheall ar smachtbhannaí arna bhforchur ar a breithiúna agus ar a foireann; á mheabhrú go bhfuil an dlí idirnáisiúnta agus na húdaráis dhlíthiúla neamhspleácha inniúla bunriachtanach chun seasamh leis an gceartas idirnáisiúnta,	9. á thabhairt chun suntais gur bagairt eiseach ar an ord domhanda riailbhunaithe é an dímheas méadaitheach ar an dlí idirnáisiúnta agus polaitiú na ndíospóireachtaí maidir le hinstitiúidí ceartais idirnáisiúnta, amhail CBI agus an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an neamhaird agus an deighilt atá ag dul i méid maidir leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine; á chur in iúl gur saoth léi na bagairtí gan fasach atá os comhair na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta, go háirithe mar gheall ar smachtbhannaí arna bhforchur ar a breithiúna agus ar a foireann; á mheabhrú go bhfuil an dlí idirnáisiúnta agus na húdaráis dhlíthiúla neamhspleácha inniúla bunriachtanach chun seasamh leis an gceartas idirnáisiúnta,

chun cuntasacht a áirithiú agus chun saoirse ó phionós a chomhrac, ar réamhchoinníollacha riachtanacha iad d'aon phróiseas athmhuintearais agus do shíocháin leanúnach;	chun cuntasacht a áirithiú agus chun saoirse ó phionós a chomhrac, ar réamhchoinníollacha riachtanacha iad d'aon phróiseas athmhuintearais agus do shíocháin leanúnach; ***ag iarraidh ar an Aontas tacú leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta agus le binsí idirnáisiúnta eile chun foréigean gnéasach agus coireanna a bhaineann le coinbhleacht bunaithe ar inscne a ionchúiseamh, agus chun cosaint íospartach agus finnéithe a áirithiú;***

Leasú 46

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 9 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	9a. ag cáineadh bheartas tubaisteach na cinedheighilte inscne atá á shaothrú ag an Talaban san Afganastáin agus ag tathant ar na húdaráis de facto rannpháirtíocht iomlán, chomhionann agus fhóinteach na mban agus na gcailíní sa saol poiblí a athbhunú láithreach, go háirithe a rochtain ar oideachas, ar chúram sláinte agus ar obair; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an chaoi a bhfuil easpa rochtana ar chabhair dhaonnúil i ndiaidh tubaistí nádúrtha mar thoradh ar an meath ar cheart na mban; ag iarraidh ar an Aontas a mholadh go n-aithneofaí apartheid inscne mar choir in aghaidh an chine dhaonna agus ionchúiseamh na ndaoine atá freagrach ag cúirteanna idirnáisiúnta a éascú; á chur in iúl gur cúis bhuartha ar leith di an staid san Afganastáin, ina ndearna beartais an Talaban idirdhealú inscnebhunaithe a institiúidiú ar scála nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo; ag iarraidh ar an Aontas aghaidh a thabhairt ar na cásanna sin go sainráite ina ghníomhaíocht sheachtrach, ina idirphlé maidir le cearta an duine agus ina chomhaontuithe iltaobhacha, agus

tacú le hiarrachtaí i dtreo cuntasachta agus ceartais le haghaidh mná agus cailíní dá ndéantar difear;

Leasú 47

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 9 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	9b. á athdhearbhú go gcáineann sí an córas bunúsaíoch san Iaráin agus na srianta atá aici ar shaoirsí bunúsacha na mban agus na gcailíní; á chur i bhfios go láidir gur sárú tromchúiseach ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine iad leithscaradh agus eisiamh inscnebhunaithe ón saol poiblí, ón oideachas, ón bhfostaíocht agus ón rannpháirtíocht pholaitiúil agus go bhféadfaidís a bheith ina gcoireanna in aghaidh an chine dhaonna; ag iarraidh ar an Aontas aghaidh a thabhairt ar na cásanna sin go sainráite ina ghníomhaíocht sheachtrach, ina idirphlé maidir le cearta an duine agus ina chomhaontuithe iltaobhacha, agus tacú le hiarrachtaí i dtreo cuntasachta agus ceartais le haghaidh mná agus cailíní dá ndéantar difear;

Leasú 48

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 9 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	9c. á chur in iúl gur cúis mhór imní di an méadú atá tagtha ar sháruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta le blianta beaga anuas – ar tuairiscíodh cuid acu mar mhodhanna straitéiseacha cogaíochta – go háirithe sa tSúdáin, in Gaza, i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó agus san Úcráin; ag cáineadh agus ag diúltú

	úsáid an fhoréigin ghnéasaigh in aghaidh na mban agus na gcailíní mar arm cogaidh; á cháineadh go haonchiallach a thromchúisí atá an ghéarchéim dhaonnúil in Gaza, ollmharú sibhialtach neamhurchóideach, ar mná agus leanaí iad den chuid is mó, easáitiú leanúnach na milliún duine agus úsáid an ocrais mar mhodh cogaidh; á chur in iúl gur geal léi filleadh na ngiall beo uile tar éis ionsaí uafásach an 7 Deireadh Fómhair 2023; á iarraidh go mbeadh síocháin mharthanach agus rannpháirtíocht na mban in Gaza i ndiaidh an chogaidh; á chur in iúl gur saoth léi an easpa airde a thugtar ar an tSúdáin, lena n-áirítear staid na mban agus na gcailíní ansin; á mheabhrú, thairis sin, go léiríonn coinbhleachtaí leanúnacha tionchar tubaisteach inscneach an chogaidh, lena n-áirítear úsáid dhoiciméadaithe an fhoréigin ghnéasaigh; á thabhairt chun suntais gur gá deireadh a chur le saoirse ó phionós agus ag iarraidh ar an Aontas agus ar a Bhallstáit tacú go gníomhach le hiarrachtaí chun cuntasacht as coireanna cogaidh a áirithiú agus tosaíocht a thabhairt d'fhoréigean gnéasach a bhaineann le coinbhleacht a chosc, a dhoiciméadú agus a ionchúiseamh ar fud a bheartais eachtraigh agus slándála, agus tacú le ceartas, cúiteamh agus cuntasacht atá dírithe ar mharthanóirí trí chúirteanna idirnáisiúnta agus trí Chóras Domhanda Smachtbhannaí an Aontais i ndáil le Cearta an Duine;

Leasú 49

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 13 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	13a. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé cearta an duine agus an daonlathas a chur chun cinn agus a chosaint mar luachanna bunúsacha lena dtreoraítear

caidreamh an Aontais Eorpaigh le tíortha nach de chuid an Aontais iad; ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar SEGS a áirithiú go n-áireofar clásail maidir le cearta an duine i gcomhaontuithe comhair agus in ionstraimí cistiúcháin, agus béim á leagan ag an am céanna ar an ngá atá le measúnú a dhéanamh ar a gcur chun feidhme trí idirphlé rialta, trí rannpháirtíocht chuiditheach, agus trí shásraí faireacháin comhsheasmhacha; á chur i bhfios go láidir gur cheart aon bheart a dhéantar mar fhreagairt ar sháruithe a bheith comhréireach agus a chur in oiriúint do chomhthéacsanna sonracha, rud lena n-áiritheofar solúbthacht ghníomhaíocht taidhleoireachta an Aontais Eorpaigh; ag aithint rannchuidiú ríthábhachtach thoscaireachtaí Pharlaimint na hEorpa maidir le hidirphlé idirpharlaiminteach a chothú, tacú le luachanna daonlathacha, agus gníomhaíochtaí faireacháin agus leantacha spriocdhírithe a chur ar fáil, agus ar an gcaoi sin éifeachtacht agus comhsheasmhacht chomhar seachtrach an Aontais Eorpaigh a fheabhsú;

Leasú 50

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 13 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	13b. á iarraidh go gcoinneodh an ionstraim um an Eoraip Dhomhanda atá beartaithe sprioc a réamhtheachtaí chun a áirithiú go rannchuideoidh 85 % ar a laghad de ghníomhaíochtaí seachtracha an Aontais le comhionannas inscne, agus go mbeidh comhionannas inscne mar phríomhchuspóir ag 5 % ar a laghad de na gníomhaíochtaí sin, agus chun a áirithiú go mbeidh an ionstraim um an Eoraip Dhomhanda nasctha go díreach le Plean Gníomhaíochta III maidir le hInscne (ar cuireadh síneadh leis go dtí

2027) agus le Plean Gníomhaíochta IV maidir le hInscne a bheidh ann amach anseo;

Leasú 51

Tairiscint i gcomhair rúin
Fo-cheannteideal 7 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	GAP III agus GAP IV tar éis 2027

Leasú 52

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 14 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	14a. ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar SEGS a áirithiú go mbeidh caibidil thiomnaithe maidir le comhionannas inscne agus cearta na mban sa chéad Phlean Gníomhaíochta eile de chuid an Aontais maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas, ar caibidil í ina mbeidh tagarmharcanna, amlínte agus sásraí cuntasachta nithiúla;

Leasú 53

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 14 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	14b. ag cur béim ar an ról ríthábhachtach atá ag Plean Gníomhaíochta III maidir le hInscne agus a phríomhréimsí téamacha rannpháirtíochta chun foréigean inscnebhunaithe a chomhrac, Sláinte agus Cearta Gnéis agus Atáirgthe a chur chun cinn, cumhachtú na gcailíní agus na mban a neartú, an clár oibre do mhná,

	don tsíocháin agus don tslándáil a chur chun feidhme agus gné na hinscne a thabhairt chuig réimsí beartais nua amhail an t-aistriú glas agus an claochlú digiteach i ngníomhaíocht sheachtrach uile an Aontais; á chur in iúl gur geal léi gur cuireadh síneadh le GAP III go 2027 agus á iarraidh go nglacfaí go tráthúil Plean Gníomhaíochta IV maidir le hInscne tar éis 2027, ar plean é a bheidh uaillmhianach chun na spriocanna 85 % ar a laghad de ghníomhaíochtaí seachtracha an Aontais Eorpaigh a rannchuidíonn le comhionannas inscne agus 20 % ar a laghad de na gníomhaíochtaí sin a bhfuil comhionannas inscne mar phríomhchuspóir acu a choinneáil ar bun, agus chun na spriocanna sin a threisiú faoin ionstraim um an Eoraip Dhomhanda atá beartaithe;

Leasú 54

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 14 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	14c. ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar SEGS a áirithiú go n-urramóidh tionscadail gníomhaíochta seachtraí uile an Aontais Eorpaigh prionsabal na hinrochtaineachta uilíche agus cuimsiú daoine faoi mhíchumas, i gcomhréir le hAirteagal 9 de Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas; á iarraidh go n-áireofaí i gcláir thacaíochta don daonlathas agus do chearta an duine i dtíortha nach de chuid an Aontais iad bearta lena n-áiritheofar gur féidir le mná, daoine óga, daoine faoi mhíchumas agus mionlaigh páirt iomlán a ghlacadh sa saol polaitiúil;

Leasú 55

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 15

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
15. ag cur béim ar an ról ríthábhachtach atá ag comhaontuithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear comhaontuithe comhlachais agus trádála, agus ag ionstraimí amhail scéim na bhfabhar ginearálaithe (GSP) agus GSP+ chun cearta an duine agus caighdeáin dhaonlathacha a chur i gcroílár chaidreamh an Aontais le tíortha nach bhfuil san Aontas, chun comhlíonadh na gcaighdeán sin a spreagadh agus faireachán a dhéanamh air agus chun coinníollacht chearta an duine a chur chun feidhme i mbeartas seachtrach an Aontais;	15. ag cur béim ar an ról ríthábhachtach atá ag comhaontuithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear comhaontuithe comhlachais agus trádála, agus ag ionstraimí amhail scéim na bhfabhar ginearálaithe (GSP) agus GSP+ chun cearta an duine agus caighdeáin dhaonlathacha a chur i gcroílár chaidreamh an Aontais le tíortha nach bhfuil san Aontas, chun comhlíonadh na gcaighdeán sin a spreagadh agus faireachán a dhéanamh air agus chun coinníollacht chearta an duine a chur chun feidhme i mbeartas seachtrach an Aontais; ***á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar neamhionannas inscne agus cearta na mban a chur chun cinn trí na comhaontuithe sin, lena n-áirítear trí thacú le rannpháirtíocht na mban sa gheilleagar agus iad a chosaint ar idirdhealú agus ar dhúshaothrú;***

Leasú 56

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 15 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	15a. á thabhairt chun suntais nach mór don Aontas Eorpach agus do na Ballstáit deireadh a chur le bacainní ar mhná gnólachtaí a thosú agus gnólachtaí a bheith acu chun an bhearna inscne san fhiontraíocht a dhúnadh;

Leasú 57

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 16 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*

16a. á chur i bhfios nach mór gné idirghlúine a áireamh i gcosaint chearta an duine agus san idirphlé a bhaineann leis, agus aird ar leith á tabhairt ar chosaint leanaí agus daoine óga i gcásanna coinbhleachta, mar aon le daoine fásta níos sine agus daoine faoi mhíchumas;

Leasú 58

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 16 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	16b. á athdhearbhú nach amháin gur ábhar ceart é an comhionannas inscne sa tsíocháin agus sa tslándáil, ach gur réamhchoinníoll é don tsíocháin inbhuanaithe; ag iarraidh ar an Aontas agus ar na Ballstáit rannpháirtíocht chomhionann agus fhóinteach na mban a áirithiú ar gach leibhéal cinnteoireachta sa bheartas eachtrach agus slándála, lena n-áirítear i gcaibidlíocht síochána, in atógáil iarchoinbhleachta agus i misin de chuid an chomhbheartais slándála agus cosanta; á chur i bhfios go láidir gur gá ionadaíocht a dhéanamh ar mhná ó phobail dá ndéantar difear in idirphlé faoi stiúir an Aontais agus i bpróisis ceartais idirthréimhsigh;

Leasú 59

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 16 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	16c. á iarraidh go nglacfaí plean gníomhaíochta nua de chuid an Aontais maidir le mná, an tsíocháin agus an tslándáil nár cheart a bheith teoranta do dhíriú ar fhoréigean gnéasach agus inscnebhunaithe, ach nach mór tosaíocht

	a thabhairt leis freisin do rochtain ar sheirbhísí bunriachtanacha sláinte gnéis agus atáirgthe a áirithiú do gach bean a ndéanann coinbhleacht difear di, agus cuntasacht agus cúiteamh a ráthú i ndáil le sáruithe ar Shláinte agus Cearta Gnéis agus Atáirgthe i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine; ag iarraidh ar an Aontas agus ar na Ballstáit a áirithiú go dtabharfaidh conairí daonnúla agus cláir chabhrach aghaidh go sonrach ar riachtanais na mban agus na gcailíní, a ndírítear orthu go díréireach i gcoinbhleachtaí agus a ndéanann coinbhleachtaí difear dóibh ar bhealach díréireach;

Leasú 60

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 16 d (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	16d. á thabhairt chun suntais gur mó an baol do máithreacha agus do leanaí an t-ocras agus an míchothú;

Leasú 61

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 16 e (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	16e. ag iarraidh ar an Aontas gealltanas a thabhairt do bheartas eachtrach feimineach atá comhsheasmhach agus trasnach, agus dá phrionsabail maidir le cearta, acmhainní agus ionadaíocht lena gcuirtear comhionannas inscne, cearta an duine agus ceartas sóisialta i gcroílár na gníomhaíochta seachtraí ina hiomláine; á chur i bhfios go láidir nach mór dul níos faide le beartas den sórt sin ná príomhshruthú inscne trí dhúshlán

	gníomhach a thabhairt do mhíchothromaíochtaí cumhachta agus trí aghaidh a thabhairt ar idirdhealú struchtúrach; á chur i bhfáth go n-áirítear leis sin rannpháirtíocht chomhionann agus fhóinteach na mban sa chinnteoireacht a áirithiú, lionsa inscne a chur i bhfeidhm ar fud réimsí na taidhleoireachta, na forbartha, na trádála agus na slándála, rud a thacaíonn leis an tsochaí shibhialta fheimineach san Aontas Eorpach agus ar fud an domhain;

Leasú 62

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 18

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
18. á chur in iúl gur geal léi, in 2024, gur thacaigh an Sásra um Chosantóirí Chearta an Duine***,*** arna chistiú faoi chlár téamach na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda, le ***10,050 CCD*** measadh a bheith ardriosca, ar mná iad 51 % díobh, agus gur thug sé tacaíocht do níos mó ná 700 iriseoir a bhí i mbaol i 60 tír ***le linn na tréimhse céanna***;	18. á chur in iúl gur geal léi, in 2024, gur thacaigh an Sásra um Chosantóirí Chearta an Duine arna chistiú faoi chlár téamach na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda, le ***10 050 cosantóir chearta an duine*** measadh a bheith ardriosca, ar mná iad 51 % díobh, agus gur thug sé tacaíocht do níos mó ná 700 iriseoir a bhí i mbaol i 60 tír***; á chur i bhfios go láidir go bhfuil rioscaí ar leith ag baint le cosantóirí baineann i réimse chearta an duine, go háirithe iad siúd atá ag obair ar chearta gnéis agus atáirgthe, agus á iarraidh go mbeadh bearta tiomnaithe cistiúcháin agus cosanta ann atá saincheaptha dá riachtanais, chomh maith le tacaíocht airgeadais pholaitiúil agus dhíreach mhéadaithe a chur ar fáil; á chur i bhfáth gur gá sásraí solúbtha agus éifeachtacha maidir le rochtain ar víosaí agus cosaint víosaí a áirithiú, ar sásraí iad a chuirfear in oiriúint dá riachtanais shonracha;***

Leasú 63

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 18 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	18a. á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil sásra inmheánach ann do chosantóirí chearta an duine chun mearfhreagairtí a chur ar fáil do chosantóirí agus d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta a bhfuil ionsaithe á ndéanamh orthu laistigh den Aontas Eorpach; á mheabhrú gur cheart go bhfaigheadh cosantóirí chearta an duine tacaíocht agus cosaint chuí ón Aontas Eorpach freisin nuair nach gcuireann rialtais náisiúnta an méid sin ar fáil;

Leasú 64

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 21 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	21a. ag iarraidh an athuair ar institiúidí an Aontais Eorpaigh agus ar na Ballstáit gealltanas a thabhairt dul chun cinn a dhéanamh i dtreo beartas eachtrach agus slándála feimineach lena mbaineann fís chlaochlaitheach inscne agus a áirithiú go ndéanfaidh na Ballstáit, toscaireachtaí an Aontais agus institiúidí uile an Aontais na spriocanna agus na gealltanais uile atá i bPlean Gníomhaíochta III maidir le hInscne, agus aon phlean gníomhaíochta a bheidh ann amach anseo, a chur chun feidhme go hiomlán;

Leasú 65

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 21 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*

	21b. ag iarraidh ar an Aontas a áirithiú go mbeidh cúnamh daonnúil bunaithe ar mheasúnuithe ar riachtanais inscne-fhreagrúla a dhéantar i gcomhairle le saineagraíochtaí um chearta na mban agus le heagraíochtaí eile na sochaí sibhialta a oibríonn le mná, le leanaí agus le grúpaí imeallaithe eile, lena n-áirítear iad siúd atá easáitithe ina dtír féin;

Leasú 66

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 21 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	21c. á athdhearbhú go bhfuil an t-éigniú fós ar cheann de na sáruithe is forleithne ar chearta an duine agus á mheabhrú gur gá éigniú, arna shainiú ar bhonn easpa toilithe, a choiriúlú faoi dhlí an Aontais Eorpaigh faoin mbunús dlí atá ann cheana;

Leasú 67

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 22

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
22. á chur in iúl gur geal léi tacaíocht airgeadais leanúnach an Aontais don Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta le linn tréimhse thar a bheith dúshlánach don cheartas idirnáisiúnta; á chur in iúl gur oth léi an mhainneachtain leanúnach reacht blocála an Aontais a ghníomhachtú chun an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta a chosaint ar éifeachtaí seach-chríochacha smachtbhannaí;	22. á chur in iúl gur geal léi tacaíocht airgeadais leanúnach an Aontais don Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta le linn tréimhse thar a bheith dúshlánach don cheartas idirnáisiúnta; á chur in iúl gur oth léi an mhainneachtain leanúnach reacht blocála an Aontais a ghníomhachtú chun an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta a chosaint ar éifeachtaí seach-chríochacha smachtbhannaí; ***á chur in iúl gur geal léi barántais ghabhála na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta do cheannairí an Talaban a gcuirtear coireanna in aghaidh an chine dhaonna ina leith, go háirithe***

	géarleanúint inscne;

Leasú 68

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 22 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	22a. á chur i bhfáth go bhfuil éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide agus dhíghrádú an éiceachórais á n-iompar go díréireach ag daoine bochta, go háirithe mná, daoine óga, daoine faoi mhíchumas agus mionlaigh eile agus pobail dhúchasacha agus pobail eile a bhíonn ag brath ar acmhainní nádúrtha; ag aithint obair thábhachtach ESSanna, daoine dúchasacha, CCDanna talún agus comhshaoil agus gníomhaithe dúchasacha i dtimpeallacht ghlan, shláintiúil agus inbhuanaithe a chosaint; á chur in iúl gur saoth léi na rioscaí a bhíonn roimh CCDanna comhshaoil agus roimh ghníomhaithe dúchasacha agus á iarraidh go ráthófaí a gcosaint éifeachtach;

Leasú 69

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 25 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	25a. ag tathant ar an Aontas agus ar a Bhallstáit a mholadh go n-áireofaí 'apartheid inscne' mar choir in aghaidh an chine dhaonna chun an Afganastáin agus iad siúd atá freagrach as an gcoir sin a thabhairt chun cuntais; á iarraidh go dtacófaí go láidir leis an sainmhíniú ar apartheid inscne mar a mhol meitheal na Náisiún Aontaithe maidir le hidirdhealú in aghaidh na mban agus na gcailíní agus á mheas, dá bhrí sin, go gciallaíonn apartheid inscne 'gníomhartha

	mídhaonna de chineál atá comhchosúil leo siúd dá dtagraítear i mír 1, a dhéantar i gcomhthéacs córais institiúidithe idirdhealaithe chórasaigh, leatroim chórasaigh agus forlámhais chórasaigh ag grúpa amháin ar ghrúpa nó ar ghrúpaí eile, bunaithe ar inscne, agus a dhéantar d'fhonn an córas sin a choinneáil ar bun'; á iarraidh go ndéanfaí gníomhaíocht chinntitheach chun deireadh a chur leis an bhforéigean gnéasach mar arm cogaidh agus chun deireadh a chur le saoirse ó phionós na ndaoine atá ciontach sna sáruithe sin ar chearta an duine;

Leasú 70

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 26 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	26a. ag iarraidh ar ghníomhaithe domhanda agus ar na Ballstáit dul i ngleic go láidir le cruachás na mban agus na gcailíní ar fud an domhain a ndéantar gáinneáil agus teacht i dtír gnéasach orthu; ag tacú leis na hiarrachtaí íospartaigh a tharrtháil agus a athshlánú agus ciontóirí fireanna agus baineanna a ionchúiseamh agus a athchóiriú go dian;

Leasú 71

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 26 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	26b. á iarraidh go gcuirfí rannpháirtíocht na mban agus na bhfear faoi mhíchumas san áireamh i ndearadh bonneagair shábháilte agus inrochtana le linn próisis atógála tar éis coinbhleachtaí armtha nó tubaistí nádúrtha;

Leasú 72

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 26 c (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	26c. ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar SEGS dlús a chur leis an gcomhar le tíortha nach de chuid an Aontais iad chun líonraí trasnáisiúnta a dhíchóimeáil, agus tosaíocht a thabhairt do ghníomhaíocht chun dul i ngleic leis an ngáinneáil ar gach idirphlé maidir le cearta an duine;

Leasú 73

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 27

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
27. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar SEGS táscairí agus amlínte soiléire a bhunú i bplean gníomhaíochta an Aontais tar éis 2027 maidir le cearta an duine agus leis an daonlathas chun rath a thomhas, comhleanúnachas idir gníomhaíochtaí inmheánacha agus seachtracha an Aontais a neartú agus naisc níos fearr a shonrú idir tosaíochtaí mar a luaitear sa phlean gníomhaíochta agus tagarmharcanna níos cúinge ***a shonrú***;	27. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar SEGS táscairí agus amlínte soiléire a bhunú i bplean gníomhaíochta an Aontais tar éis 2027 maidir le cearta an duine agus leis an daonlathas chun rath a thomhas, comhleanúnachas idir gníomhaíochtaí inmheánacha agus seachtracha an Aontais a neartú agus naisc níos fearr a shonrú idir tosaíochtaí mar a luaitear sa phlean gníomhaíochta agus tagarmharcanna níos cúinge ***ag a bhfuil tacar tiomnaithe táscairí atá íogair ó thaobh inscne de agus tagarmharcanna chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtaca le cearta na mban agus an comhionannas inscne ar fud an domhain***;

Leasú 74

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 28 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	28a. á iarraidh ar an Aontas Eorpach agus ar a institiúidí cur chuige trasnach feimineach a úsáid go córasach agus aghaidh á tabhairt acu ar shaincheist chearta an duine agus an daonlathais, lena n-áirítear sa tuarascáil bhliantúil, chun a áirithiú go n-éistfear le gach guth agus go ndéanfar ionadaíocht orthu agus go ndéanfar cearta daonna gach duine ina n-éagsúlacht a chosaint agus a chur chun cinn;

Leasú 75

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 29

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
29. á iarraidh go mbeadh buiséad soiléir curtha i leataobh do chearta an duine agus don daonlathas sa CAI a bheidh ann amach anseo; á chur i bhfáth gur gá buiséad an Aontais a chosaint freisin le haghaidh úsáid sheachtrach agus gur giaráil thábhachtach é an buiséad chun comhlíonadh níos airde maidir le cearta an duine agus caighdeáin dhaonlathacha ag tíortha comhpháirtíochta a bhaint amach; á iarraidh, dá bhrí sin, go dtabharfaí isteach riail choinníollachta maidir le cearta an duine agus leis an daonlathas san ionstraim nua don Eoraip Dhomhanda chun tíortha comhpháirtíochta nach bhfuil san Aontas a chistiú;	29. á iarraidh go mbeadh buiséad soiléir curtha i leataobh do chearta an duine agus don daonlathas sa CAI a bheidh ann amach anseo; á chur i bhfáth gur gá buiséad an Aontais a chosaint freisin le haghaidh úsáid sheachtrach agus gur giaráil thábhachtach é an buiséad chun comhlíonadh níos airde maidir le cearta an duine agus caighdeáin dhaonlathacha ag tíortha comhpháirtíochta a bhaint amach; á iarraidh, dá bhrí sin, go dtabharfaí isteach riail choinníollachta maidir le cearta an duine agus leis an daonlathas san ionstraim nua don Eoraip Dhomhanda chun tíortha comhpháirtíochta nach bhfuil san Aontas a chistiú; ***á iarraidh go mbeadh líne bhuiséid thiomnaithe ann don chomhionannas inscne agus do chearta na mban;***

Leasú 76

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 29 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	29a. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit ardtosaíocht a thabhairt don chomhionannas inscne agus do Shláinte agus Cearta Gnéis agus Atáirgthe ina bhfreagairt ar chabhair dhaonnúil, chomh maith le cuntasacht agus rochtain ar cheartas agus ar shásamh le haghaidh sáruithe ar chearta gnéis agus atáirgthe agus foréigean inscnebhunaithe, lena n-áirítear i dtéarmaí oiliúna do ghníomhaithe daonnúla agus i dtéarmaí cistiúcháin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo;

Leasú 77

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 35

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
35. á iarraidh ar an Aontas measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht an bhosca uirlisí chun aghaidh a thabhairt ar fheachtais bhréagaisnéise i gcoinne an Aontais, go háirithe i dtíortha a fhaigheann cúnamh daonnúil agus forbartha suntasach ón Aontas agus i dtíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht den Aontas;	35. á iarraidh ar an Aontas measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht an bhosca uirlisí chun aghaidh a thabhairt ar fheachtais bhréagaisnéise i gcoinne an Aontais, go háirithe i dtíortha a fhaigheann cúnamh daonnúil agus forbartha suntasach ón Aontas agus i dtíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht den Aontas; ***á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an mbréagaisnéis inscne agus leis an gciapadh ar líne lena ndírítear ar mhná atá gníomhach sa pholaitíocht, san iriseoireacht agus sa tsochaí shibhialta, arb é is aidhm dóibh easaontú a chur ina thost, an bonn a bhaint den rannpháirtíocht dhaonlathach agus insintí i gcoinne an Aontais Eorpaigh a scaipeadh; á chur i bhfáth gur cheart oibleagáidí ceangailteacha a áireamh san ionstraim chun tionchair inscne-shonracha ar chearta an duine a chosc, a mhaolú agus a leigheas; á iarraidh go mbeadh frithbhearta comhréireacha agus éifeachtacha agus uirlisí faireacháin***

	feabhsaithe ann chun na feiniméin sin a chosc, a nochtadh agus chun freagairt dóibh, agus cearta bunúsacha agus an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh á gcosaint ag an am céanna; á iarraidh go mbeadh bearta tiomnaithe tacaíochta agus cosanta ann chun sábháilteacht iriseoirí, gníomhaithe agus polaiteoirí ar mná iad a áirithiú ar líne agus as líne;

Leasú 78

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 36

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
36. á iarraidh go ndéanfaí measúnuithe ex ante agus ex post ar chearta an duine a chur chun feidhme go córasach agus go n-áireofaí clásail láidre maidir le cearta an duine i gcomhaontuithe idir an tAontas agus tíortha nach bhfuil san Aontas, le tacaíocht ó shraith shoiléir tagarmharcanna agus nósanna imeachta a bheidh le leanúint i gcás sáruithe; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar SEGS a áirithiú go ndéanfar faireachán gníomhach ar na clásail maidir le cearta an duine i gcomhaontuithe idirnáisiúnta reatha agus go ndéanfar iad a fhorfheidhmiú go héifeachtach agus go gcuirfear feabhas ar a gcumarsáid leis an bParlaimint maidir le breithnithe agus cinntí i ndáil leis an bhforfheidhmiú sin; á athdhearbhú, i gcás sáruithe leanúnacha ar chlásail chearta an duine ag a thíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear na tíortha sin sa chlár GSP+, gur cheart don Aontas freagairt go mear agus go cinntitheach, lena n-áirítear trí na comhaontuithe atá i gceist a chur ar fionraí má bhíonn roghanna eile neamhéifeachtach;	36. á iarraidh go ndéanfaí measúnuithe ex ante agus ex post ar chearta an duine a chur chun feidhme go córasach agus go n-áireofaí clásail láidre maidir le cearta an duine i gcomhaontuithe idir an tAontas agus tíortha nach bhfuil san Aontas***, lena n-áirítear bailiú cuí sonraí maidir le comhionannas inscne***, le tacaíocht ó shraith shoiléir tagarmharcanna agus nósanna imeachta a bheidh le leanúint i gcás sáruithe; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar SEGS a áirithiú go ndéanfar faireachán gníomhach ar na clásail maidir le cearta an duine i gcomhaontuithe idirnáisiúnta reatha agus go ndéanfar iad a fhorfheidhmiú go héifeachtach agus go gcuirfear feabhas ar a gcumarsáid leis an bParlaimint maidir le breithnithe agus cinntí i ndáil leis an bhforfheidhmiú sin; á athdhearbhú, i gcás sáruithe leanúnacha ar chlásail chearta an duine ag a thíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear na tíortha sin sa chlár GSP+, gur cheart don Aontas freagairt go mear agus go cinntitheach, lena n-áirítear trí na comhaontuithe atá i gceist a chur ar fionraí má bhíonn roghanna eile neamhéifeachtach;

Leasú 79

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 38 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	38a. ag tathant ar an gCoimisiún aitheantas dlíthiúil a thabhairt do chiapadh inscne, lena n-áirítear ciapadh ar líne, mar fhuathchaint choirithe, agus iallach a chur ar ardáin fuathchaint inscnebhunaithe a shainaithint agus a bhaint;

Leasú 80

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 38 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	38b. á iarraidh go ndéanfaí grinnscrúdú níos láidre ar algartaim ar ardáin dhigiteacha chun atáirgeadh laofachta inscne a chosc agus go ndéanfaí bearta chun a áirithiú go dtacóidh córais algartamacha leis an daonlathas, leis an gcomhionannas inscne agus le cearta an duine;

Leasú 81

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 39 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	39a. ag iarraidh ar an Aontas comhionannas inscne a phríomhshruthú ar fud na n-ionstraimí seachtracha ábhartha uile maidir le cearta an duine, measúnuithe tionchair inscne a áireamh sa chlársceidealú, agus dul i gcomhairle go córasach le heagraíochtaí ban agus le grúpaí pobail agus tionscadail agus idirphlé maidir le cearta an duine á gceapadh agus á meas;

Leasú 82

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 39 b (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	39b. ag iarraidh ar an gCoimisiún agus ar SEGS leanúint de thacaíocht a thabhairt do mhná san Afganastáin trí thionscadail spriocdhírithe atá dírithe ar mhná; ag iarraidh ar na Ballstáit, ar an gCoimisiún agus ar SEGS leanúint de chistiú a thabhairt d'eagraíochtaí um chearta na mban a bhfuil rochtain caillte acu ar chistiú tar éis athbhunú riail an ghobáin dhomhanda;

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

Dearbhaíonn an cathaoirleach ina cáil mar rapóirtéir don tuairim, faoina freagracht eisiach, nár chuir sí san áireamh ina tuairim aon ionchur ó ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], ná ó ionadaithe údarás poiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí, atá le liostú san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj).

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	5.11.2025
Toradh na vótála críochnaithí	+: 24 –: 12 0: 1
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Abir Al-Sahlani, Irmhild Boßdorf, Margarita de la Pisa Carrión, Elisabeth Dieringer, Rosa Estaràs Ferragut, Viktória Ferenc, Heléne Fritzon, Lina Gálvez, Alexandra Geese, Fernand Kartheiser, Arba Kokalari, Ewa Kopacz, Elena Kountoura, Sebastian Kruis, Judita Laššáková, Eleonora Meleti, Irene Montero, Alessandra Moretti, Maria Noichl, Mirosława Nykiel, Sirpa Pietikäinen, Giusi Princi, Benedetta Scuderi, Laurence Trochu, Anders Vistisen, Maria Walsh, Dainius Žalimas
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Raquel García Hermida-Van Der Walle, Hanna Gedin, Elisabeth Grossmann, Maria Guzenina, Cecilia Strada, Anna Strolenberg
Feisirí faoi Riail 216(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Paolo Inselvini, Miriam Lexmann, Jorge Martín Frías, Matjaž Nemec

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

24	+
PPE	Arba Kokalari, Ewa Kopacz, Eleonora Meleti, Mirosława Nykiel, Sirpa Pietikäinen, Giusi Princi, Maria Walsh
An Grúpa Renew Europe	Abir Al-Sahlani, Raquel García Hermida-Van Der Walle, Dainius Žalimas
S&D (An Grúpa d'Aontas Forchéimnitheach na Sóisialaithe agus na nDaonlathaithe i bParlaimint na hEorpa)	Heléne Fritzon, Lina Gálvez, Elisabeth Grossmann, Maria Guzenina, Alessandra Moretti, Matjaž Nemec, Maria Noichl, Cecilia Strada
An Chlé	Hanna Gedin, Elena Kountoura, Irene Montero
Na Glasaigh/SCE	Alexandra Geese, Benedetta Scuderi, Anna Strolenberg

12	-
ECR	Paolo Inselvini, Laurence Trochu
ESN	Irmhild Boßdorf
NI	Fernand Kartheiser, Judita Laššáková
PPE	Miriam Lexmann
PfE	Elisabeth Dieringer, Viktória Ferenc, Sebastian Kruis, Jorge Martín Frías, Margarita de la Pisa Carrión, Anders Vistisen

1	0
PPE	Rosa Estaràs Ferragut

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh ó vótáil